


# Is Féidir Linn

# Béilí

## Mealtimes

## Am bricfeasta
Breakfast time



## Am Lóin
Lunchtime




## Bord a leagan
Setting the table



## Tar éis béile
After a meal





# Am bricfeasta
## Breakfast time

**Tá an bricfeasta réidh.**
*Breakfast is ready.*

**Tá sé in am bricfeasta.**
*It's time for breakfast.*

**Táimid beagáinín déanach ar maidin.**
*We are a little late this morning.*

- Ar mhaith leat ubh bhruite nó ubh scallta?
  *Would you like a boiled egg or a poached egg?*
- Ba maith liom ubh bhruite le do thoil.
  *I would like a boiled egg, please.*
- Arbh fhearr leat ubh scrofa?
  *Would you prefer scrambled egg?*
- B'fhearr, más é do thoil é.
  *I would prefer [that] please.*






Is Féidir Linn
gaelbhratach
Gael Linn



Tuilleadh Eolais • *More Info*

**Is Féidir Linn** ar YouTube
**Gaelbhratach** ar na meáin shóisialta
**Bróga Nua** le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhratach.ie



# Am bricfeasta
## Breakfast time

**Níl mé in ann mo bhríste a fháil..**
*I can't find my trousers...*

**Nach ndúirt mé leat go raibh do bhríste ar an radaitheoir?**
*Didn't I tell you that your trousers are on the radiator?*

- An ndúirt tusa go raibh tósta uait a Liam?
  *Did you say you wanted toast, Liam?*
- Ní dúirt, tá mo dhóthain agam!
  *I didn't, I've had enough.*
- An ndúirt tusa go raibh sú oráiste uait a Nóra?
  *Did you say you want orange juice, Nora?*
- An bhfuil do dhóthain bainne agat a Sheáin?
  *Have you enough milk, Seán?*
- Beidh deoch ag teastáil ó Shíle freisin.
  *Síle will need a drink too.*
- Nóra, ar mhiste leat lámha Éabha a ghlanadh le do thoil?
  *Nóra, would you mind cleaning Éabha's hands, please?*
- Seo an tuáille beag duit.
  *Here's the small towel for you.*


Tuilleadh Eolais • *More Info*

**Is Féidir Linn** ar YouTube
**Gaelbhratach** ar na meáin shóisialta
**Bróga Nua** le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhratach.ie



Is Féidir Linn
gaelbhratach
Gael Linn



# Am bricfeasta
## Breakfast time

Féach ar mo Lámha • *Look at my Hands*




gaelbhratach

### Féach ar mo Lámha

Féach ar mo lámha,
A haon, a dó,
Tá siad salach,
Ó bhó, bhó!
Féach ar mo lámha,
A haon, a dó,
Tá siad salach,
Ó bhó, bhó!

### *Look at my Hands*

*Look at my hands,*
*One, two,*
*They are dirty,*
*Oh dear, dear!*
*Look at my hands,*
*One, two,*
*They are dirty,*
*Oh dear, dear!*



Is Féidir Linn

gaelbhratach   Gael Linn



Tuilleadh Eolais • *More Info*

**Is Féidir Linn** ar YouTube
**Gaelbhratach** ar na meáin shóisialta
**Bróga Nua** le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhratach.ie



# Am lóin
## Lunchtime

**An bhfuil sé in am lóin?**
*Is it lunchtime?*

**Níl go fóill.**
*Not yet.*

### Bhfuil sé in Am Lóin?

Bhfuil sé in am lóin,
in am lóin, in am lóin?
Bhfuil sé in am lóin?
Níl go fóill.

Bhfuil sé in am lóin,
in am lóin, in am lóin?
Bhfuil sé in am lóin?
Tá a stór.

***Is it Lunchtime?***

*Is it lunchtime,*
*lunchtime, lunchtime?*
*Is it lunchtime,*
*Not yet.*

*Is it lunchtime,*
*lunchtime, lunchtime?*
*Is it lunchtime,*
*It is love.*





Tuilleadh Eolais • *More Info*

**Is Féidir Linn** ar YouTube
**Gaelbhratach** ar na meáin shóisialta
**Bróga Nua** le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhratach.ie



Is Féidir Linn
gaelbhratach
Gael Linn



# Am lóin
## Lunchtime

Níl sé in am lóin fós, caithfidh tú an bord a réiteach ar dtús.
*It's not lunchtime yet, you must set the table first.*

Ar nigh tú do lámha go fóill?
*Have you washed your hands yet?*

Ar thriomaigh tú do lámha go cúramach?
*Did you dry your hands carefully?*



RANN

### Tá Ocras Orm

Ó tá ocras orm, tá ocras orm,
Tá ocras orm a deir Éabha.
Ba mhaith liom lón, ba mhaith liom lón,
Ba mhaith liom lón a deir Éabha.

***I am Hungry***

*Oh I'm hungry, I'm hungry,*
*I'm hungry, says Éabha.*
*I want lunch, I want lunch,*
*I want lunch, says Éabha.*





Is Féidir Linn
gaelbhratach
Gael Linn



Tuilleadh Eolais • *More Info*

**Is Féidir Linn** ar YouTube
**Gaelbhratach** ar na meáin shóisialta
**Bróga Nua** le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhratach.ie



# Am lóin
## Lunchtime

Caithfidh mé mo Lámha a Ní • *I Must Clean my Hands*




gaelbhratach



Tuilleadh Eolais • *More Info*

**Is Féidir Linn** ar YouTube
**Gaelbhratach** ar na meáin shóisialta
**Bróga Nua** le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhratach.ie



Is Féidir Linn

gaelbhratach Gael Linn



# Am lóin
## Lunchtime



RANN

### Caithfidh mé mo Lámha a Ní

Aon, dó, aon dó trí,
Caithfidh mé mo lámha a ní.
Aon, dó, aon dó trí,
Caithfidh mé mo lámha a ní.

***I Must Clean my Hands***

*One, two, one two three,*
*I have to wash my hands.*
*One, two, one two three,*
*I have to wash my hands.*

RANN

### Tá Tart is Ocras Orm anois

Tá tart is ocras orm anois,
Orm anois, orm anois;
Tá tart is ocras orm anois,
Ba mhaith liom suí chun
boird don lón.

***I'm Thirsty and Hungry now***

*I'm thirsty and hungry now,*
*I am, I am,*
*I'm thirsty and hungry now,*
*I want to sit at the*
*table for lunch.*



Tuilleadh Eolais • *More Info*

**Is Féidir Linn** ar YouTube
**Gaelbhratach** ar na meáin shóisialta
**Bróga Nua** le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhratach.ie



# Bord a leagan
## Setting the table



- Beidh trí chupán uainn.
  *We will need three cups.*
- Beidh ceithre chupán uainn.
  *We will need four cups.*
- Beidh cúig chupán uainn.
  *We will need five cups.*
- Beidh trí bhabhla uainn.
  *We will need three bowls.*
- Beidh ceithre bhabhla uainn.
  *We will need four bowls.*
- Beidh cúig bhabhla uainn.
  *We will need five bowls.*
- An bhfuil scian is forc uait a Choilm?
  *Do you want a knife and a fork, Colm?*
- Ó, níl gloine ar bith ar an mbord.
  *Oh, there are no glasses on the table.*
- An bhfuil spúnóga ar an mbord?
  *Are there spoons on the table?*
- An bhfuil an t-uisce ar an mbord?
  *Is there water on the table?*
- Caithfimid an crúiscín a líonadh le huisce.
  *We must fill the jug with water.*







# Bord a leagan
## Setting the table

RANN

**Leag an Bord**

Leag an bord
Leag an bord
Scian is forc
Is plátaí in ord.
Piobar dubh
Piobar dubh
Prátaí nua
Is cúpla ubh.

***Set the Table***

*Set the table*
*Set the table*
*Knife and fork*
*And plates in order.*
*Black pepper*
*Black pepper*
*New potatoes*
*And a few eggs.*







Tuilleadh Eolais • *More Info*

**Is Féidir Linn** ar YouTube
**Gaelbhratach** ar na meáin shóisialta
**Bróga Nua** le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhratach.ie



# Bord a leagan
## Setting the table

| | |
|---|---|
| Ar mhaith leat a thuilleadh bainne? | *Would you like some more milk?* |
| Ba mhaith, más é do thoil é. | *I would, thanks.* |
| Ar mhaith leat íspín eile? | *Would you like another sausage?* |
| Níor mhaith, go raibh maith agat. | *I wouldn't, thanks.* |
| An bhfuil píosa eile tósta uait? | *Would you like another piece of toast?* |
| An ólfaidh tú braon eile bainne? | *Will you drink another drop of milk?* |
| Ólfaidh, go raibh maith agat. | *I will, thanks.* |
| An íosfaidh tú píosa eile aráin? | *Will you eat another piece of bread?* |
| Íosfaidh, más é do thoil é. | *I will, thanks.* |
| Níl milseog ar bith ann, seans go mbeidh an mhilseog againn anocht. | *There's no dessert, maybe we will have dessert tonight.* |
| Ar mhaith le Micí Moncaí banana buí eile? | *Would Micí Monkey like another yellow banana?* |





Tuilleadh Eolais • *More Info*

**Is Féidir Linn** ar YouTube
**Gaelbhratach** ar na meáin shóisialta
**Bróga Nua** le hÁine Ní Shúilleabháin
www.gaelbhratach.ie



Is Féidir Linn
gaelbhratach
GAEL LINN



# Bord a leagan
## Setting the table


| | |
|---|---|
| **Uisce, Uisce** | ***Water, Water*** |
| Uisce, uisce,<br>Uisce glé,<br>Tá sé go deas,<br>Is maith liom é. | *Water, water,<br>Clear water,<br>It is nice,<br>I like it.* |
| Uisce, uisce,<br>Uisce glé,<br>Tá sé go deas,<br>Is maith liom é. | *Water, water,<br>Clear water,<br>It is nice,<br>I like it.* |

RANN



**Tá tart orm. Ba mhaith liom deoch uisce.**

*I'm thristy. I would like a drink of water.*





Tuilleadh Eolais • *More Info*

**Is Féidir Linn** ar YouTube
**Gaelbhratach** ar na meáin shóisialta
**Bróga Nua** le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhratach.ie



# Bord a leagan
## Setting the table

RAP

### Is Maith Liom...

Is maith liom bainne,
Is maith liom subh,
Is maith liom milseáin,
Ach is fearr liom ubh.

Is maith liom cáis,
Is maith liom práta,
Is maith liom arán,
Ach is fearr liom cáca.

***I Like...***

*I like milk,*
*I like jam,*
*I like sweets,*
*But I prefer an egg.*

*I like cheese,*
*I like potatoes.*
*I like bread,*
*But I prefer cake.*

RANN

### Tá Úll Beag Deas Agam

Tá úll beag deas agam,
A thug mo Mhamaí dom,
Is maith liom é,
Is breá liom é,
Yummaí, yummaí, yum!

***I Have a Nice Small Apple***

*I have a nice small apple,*
*Which my Mammy gave me,*
*I like it,*
*I love it,*
*Yummy, Yummy, Yum!*



Tuilleadh Eolais • *More Info*

**Is Féidir Linn** ar YouTube
**Gaelbhratach** ar na meáin shóisialta
**Bróga Nua** le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhratach.ie



Is Féidir Linn
gaelbhratach
Gael Linn



# Bord a leagan

## Setting the table

RANN

| **Píotsa Piobarónaí** | ***Pepperoni pizza!*** |
|---|---|
| Píotsa piobarónaí!<br>Píotsa piobarónaí!<br>Ar mhaith leat píosa<br>De mo phíotsa piobarónaí?<br>Píotsa piobarónaí!<br>Píotsa piobarónaí!<br>Ba bhreá liom píosa<br>De do phíotsa piobarónaí! | *Pepperoni pizza!*<br>*Pepperoni pizza!*<br>*Do you want a piece*<br>*Of my pepperoni pizza?*<br>*Pepperoni pizza!*<br>*Pepperoni pizza!*<br>*I would love a piece*<br>*Of your pepperoni pizza!* |





Is Féidir Linn

gaelbhratach · Gael Linn



Tuilleadh Eolais • *More Info*

**Is Féidir Linn** ar YouTube
**Gaelbhratach** ar na meáin shóisialta
**Bróga Nua** le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhratach.ie



# Tar éis béile
## After mealtime

- Anois caithfimid na boird a ghlanadh!
  *Now we must clear the tables!*
- Ní thógfaidh sé i bhfad má dhéanaimid le chéile é.
  *It won't take long if we do it together.*
- A Sheáin, an gcuirfidh tusa an bainne isteach sa chuisneoir?
  *Seán, will you put the milk in the fridge?*
- Caithfimid na plátaí atá le ní a chur sa niteoir soithí.
  *We must put the plates to be washed in the dishwasher.*

### Caithfidh mé an Bord a Ghlanadh

Caithfidh mé an bord a ghlanadh,
Caithfidh mé an bord a ghlanadh,
Caithfidh mé an bord a ghlanadh,
Trala lalalala la.

***I Have to Clean the Table***

*I have to clean the table,*
*I have to clean the table,*
*I have to clean the table,*
*Trala lalalala la.*



Tuilleadh Eolais • *More Info*

**Is Féidir Linn** ar YouTube
**Gaelbhratach** ar na meáin shóisialta
**Bróga Nua** le hÁine Ní Shúilleabháin
www.gaelbhratach.ie